# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/490 ÓN gCOIMISIÚN

## an 25 Márta 2022

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a mhéid a bhaineann le plandaí áirithe atá le cur de *Juglans regia* L., *Nerium oleander* L. agus *Robinia pseudoacacia* L. de thionscnamh na Tuirce agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 a mhéid a bhaineann leis na bearta fíteashláintíochta chun na plandaí sin atá le cur a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 42(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear, ar bhonn réamh-mheasúnú, liosta plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo.

(2) Leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún ([3]) rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2016/2031 a dhéanamh ar na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo.

(3) Tar éis réamh-mheasúnú riosca a dhéanamh, áiríodh 34 ghéineas agus speiceas amháin de phlandaí atá le cur, de thionscnamh na dtríú tíortha ar fad, san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 mar phlandaí a mbaineann ardriosca leo, ina measc na géinis *Juglans* L., *Nerium* L. agus *Robinia* L.

(4) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031, má fhaightear ina leith, bunaithe ar mheasúnú riosca, go mbaineann riosca lotnaidí do-ghlactha le planda, táirge planda nó réad eile de thionscnamh tríú tír, grúpa de thríú tíortha nó limistéar sonrach den tríú tír lena mbaineann, ach go bhféadfaí an riosca sin a laghdú go leibhéal inghlactha trí bhearta áirithe a chur i bhfeidhm, ní mór don Choimisiún an planda, an táirge planda nó an réad eile sin a bhaint den liosta a bunaíodh leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 agus é a chur leis an liosta dá dtagraítear in Airteagal 41(2) de Rialachán (AE) 2016/2031.

(5) Foráiltear don liosta sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún ([4]).

(6) An 9 Lúnasa 2019, chuir an Tuirc iarratas faoi bhráid an Choimisiúin chun plandaí beangaithe dhá bhliain d'aois de *Juglans regia* L., atá le cur agus atá fréamhloma, gan duilleoga orthu agus le trastomhas uasta 2 cm ag bonn an ghais, a onnmhairiú chuig an Aontas. Cuireadh an sainchomhad teicniúil ábhartha isteach leis an iarraidh sin.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena mbunaítear liosta sealadach plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus liosta plandaí nach bhfuil deimhnithe fíteashláintíochta ag teastáil ina leith maidir lena dtabhairt isteach san Aontas, de réir bhrí Airteagal 73 den Rialachán sin (IO L 323, 19.12.2018, lch. 10).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca a dhéanamh ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 323, 19.12.2018, lch. 7).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2020 a mhéid a bhaineann leis na bearta fíteashláintíochta maidir le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas, ar ábhair iad a baineadh den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 (IO L 275, 24.8.2020, lch. 5).

(7) An 19 Bealtaine 2021, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí *Juglans regia* L. atá le cur, plandaí ar de thionscnamh na Tuirce iad ([5]). Shainaithin an tÚdarás *Anoplophora chinensis, Euzophera semifuneralis, Garella musculana, Lasiodiplodia pseudotheobromae* agus *Lopholeucaspis japonica* mar lotnaidí atá ábhartha maidir leis na plandaí sin atá le cur, rinne sé meastóireacht ar na bearta maolaithe riosca faoina ndéantar tuairisc sa sainchomhad i dtaca leis na lotnaidí sin agus rinne sé meastachán ar an dóchúlacht atá ann go mbeadh na plandaí sin saor ó na lotnaidí sin.

(8) An 27 Samhain 2019, chuir an Tuirc iarratas faoi bhráid an Choimisiúin chun plandaí de *Nerium oleander* L. atá le cur, le damhna fáis, agus iad idir bliain agus 4 bliana d'aois, a onnmhairiú chuig an Aontas. Bhí an sainchomhad teicniúil lena mbaineann ag gabháil leis an iarratas sin.

(9) An 25 Márta 2021, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí *Nerium oleander* L. atá le cur, plandaí ar de thionscnamh na Tuirce iad ([6]). Shainaithin an tÚdarás *Phenacoccus solenopsis* mar lotnaid atá ábhartha maidir leis na plandaí sin atá le cur, rinne sé meastóireacht ar na bearta maolaithe riosca faoina ndéantar tuairisc sa sainchomhad i dtaca leis an lotnaid sin agus rinne sé meastachán ar an dóchúlacht atá ann go mbeadh na plandaí sin saor ón lotnaid sin.

(10) An 27 Samhain 2019, chuir an Tuirc iarratas faoi bhráid an Choimisiúin chun plandaí fréamhloma atá le cur agus plandaí le damhna fáis de *Robinia pseudoacacia* L., agus iad idir 3 agus 7 mbliana d'aois, a onnmhairiú chuig an Aontas. Bhí an sainchomhad teicniúil lena mbaineann ag gabháil leis an iarratas sin.

(11) An 25 Márta 2021, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí *Robinia pseudoacacia* L. atá le cur, plandaí ar de thionscnamh na Tuirce iad ([7]). Shainaithin an tÚdarás *Anoplophora chinensis, Lopholeucapsis japonica*, agus *Pochazia shantungensis* mar lotnaidí atá ábhartha maidir leis na plandaí sin atá le cur, rinne sé meastóireacht ar na bearta maolaithe riosca faoina ndéantar tuairisc sa sainchomhad i dtaca leis na lotnaidí sin agus rinne sé meastachán ar an dóchúlacht atá ann go mbeadh na plandaí sin saor ó na lotnaidí sin.

(12) Ar bhonn na dtuairimí sin, ba cheart na bearta atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann leis na lotnaidí sin a ghlacadh mar cheanglais allmhairiúcháin fíteashláintíochta, chun a áirithiú go ndéanfar an riosca fíteashláintíochta a eascraíonn as na plandaí sonraithe a thabhairt isteach san Aontas a laghdú go leibhéal inghlactha.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart na plandaí seo a leanas a bhaint ón Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019: plandaí atá le cur de *Juglans regia* L. de thionscnamh na Tuirce, atá suas le dhá bhliain d'aois, iad fréamhlom, gan duilleoga orthu agus le trastomhas uasta 2 cm ag bonn an ghais, plandaí atá le cur de *Nerium oleander* L. de thionscnamh na Tuirce atá suas le ceithre bliana d'aois, agus plandaí atá le cur de *Robinia pseudoacacia* L. de thionscnamh na Tuirce atá suas le seacht mbliana d'aois agus le trastomhas uasta 25 cm. Ba cheart na plandaí sin atá le cur a chur leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 agus, más infheidhme, ba cheart na bearta riachtanacha fíteashláintíochta maidir le hallmhairiú a leagan amach ann.

(14) I bhfianaise na n-éiginnteachtaí a shainaithin an tÚdarás sna sainchomhaid sin, ní féidir leis na bearta a mhol an Tuirc sna sainchomhaid, leo féin amháin, an riosca a eascraíonn as na plandaí sonraithe a thabhairt isteach san Aontas a laghdú go dtí leibhéal inghlactha. Chun an riosca fíteashláintíochta a laghdú go dtí an leibhéal sin, ba cheart é a bheith ina cheangal gur fhás na plandaí sin i suíomhanna táirgthe saor ó lotnaidí, agus an méid sin sa bhreis ar na bearta atá molta cheana sa sainchomhad ag an Tuirc.

---

([5]) Painéal PLH EFSA (Painéal an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia maidir le Sláinte Plandaí), Tuairim Eolaíoch ar an measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí *Juglans regia*, plandaí ar de thionscnamh na Tuirce iad. *EFSA Journal* [*Iris EFSA*] 2021;19(6):6665, 99 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021,6665.

([6]) Painéal PLH EFSA (Painéal an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia maidir le Sláinte Plandaí), Tuairim Eolaíoch ar an measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí *Nerium oleander*, plandaí ar de thionscnamh na Tuirce iad. *EFSA Journal* [*Iris EFSA*] 2021;19(5):6569, 34 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021,6569.

([7]) Painéal PLH EFSA (Painéal an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia maidir le Sláinte Plandaí), Tuairim Eolaíoch ar an measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí *Robinia pseudoacacia*, plandaí ar de thionscnamh na Tuirce iad. *EFSA Journal* [*Iris EFSA*] 2021;19(5):6568, 54 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021,6568.

(15) Tá *Anoplophora chinensis* agus*Lopholeucaspis japonica* liostaithe mar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([8]). Níl *Euzophera semifuneralis, Garella musculana, Lasiodiplodia pseudotheobromae, Phenacoccus solenopsis* agus *Pochazia shantungensis* san áireamh fós sa liosta sin ach féadfaidh siad na coinníollacha chun iad a áireamh a chomhlíonadh nuair a bheidh measúnú riosca iomlán déanta.

(16) I gcomhréir le hAirteagal 42(5) de Rialachán (AE) 2016/2031, déanfar an measúnú riosca laistigh de thréimhse réasúnta ama. I bhfianaise an éilimh ar allmhairí, áfach, tá gá le bearta fíteashláintíochta sealadacha maidir le *Euzophera semifuneralis, Garella musculana, Lasiodiplodia pseudotheobromae, Phenacoccus solenopsis* agus *Pochazia shantungensis*, agus is iomchuí iad go dtí go mbeidh an measúnú riosca curtha i gcrích.

(17) Chun oibleagáidí an Aontais a eascraíonn as Comhaontú na hEagraíochta Trádála Domhanda maidir le cur i bhfeidhm bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a chomhlíonadh ([9]), ba cheart allmhairiú na dtráchtearraí sin a atosú a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(18) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

([9]) Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm (a glacadh an 15 Aibreán 1994 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995), 1867 UNTS 493 (Comhaontú SPS).

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear pointe 1, sa tábla, an dara colún, "Tuairisc", den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála "*Juglans* L.":

"*Juglans* L. seachas plandaí de *Juglans regia* L. atá suas le dhá bhliain d'aois atá le cur agus atá fréamhlom, gan duilleoga orthu agus le trastomhas uasta 2 cm ag bonn an ghais, de thionscnamh na Tuirce";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála "*Nerium* L.":

"*Nerium* L. seachas plandaí de *Nerium oleander* L. atá suas le 4 bliana d'aois;atá le cur, de thionscnamh na Tuirce";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála "*Robinia* L., seachas plandaí fréamhloma suanacha beangaithe de *Robinia pseudoacacia* L. atá le cur le trastomhas uasta 2,5 cm, de thionscnamh Iosrael":

"*Robinia* L. seachas plandaí fréamhloma suanacha beangaithe de *Robinia pseudoacacia* L. atá le cur le trastomhas uasta 2,5 cm, de thionscnamh Iosrael agus seachas plandaí de *Robinia pseudoacacia* L. atá suas le 7 mbliana d'aois atá le cur le trastomhas uasta 25 cm, de thionscnamh na Tuirce".

*IARSCRÍBHINN II*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas i ndiaidh "*Jasminum polyanthum* Franchet, gearrthóga neamhfhréamhaithe de phlandaí atá le cur"

| Plandaí, táirgí plandaí nó réada eile | Cód AC | Tríú tíortha tionsc-naimh | Bearta |
|---|---|---|---|
| "*Juglans* L. plandaí atá suas le dhá bhliain d'aois atá le cur agus atá fréamhlom, gan duilleoga orthu agus le trastomhas uasta 2 cm ag bonn an ghais. | ex 0602 20 20 | an Tuirc | (a) Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(i) go bhfuil na plandaí saor ó *Euzophera semifuneralis, Garella musculana* agus *Lasiodiplodia pseudotheobromae;*<br>(ii) nár aimsíodh *Euzophera semifuneralis, Garella musculana* agus *Lasiodiplodia pseudotheobromae* sa láithreán táirgthe le linn cigireachtaí oifigiúla a rinneadh ag amanna iomchuí, ó thús an timthrialla iomláin táirgthe;<br>(iii) gur cuireadh córas i bhfeidhm lena áirithiú go ndearnadh uirlisí beangaithe agus prúnála a dhíghalrú le bheith saor ó *Lasiodiplodia pseudotheobromae*, sula dtugtar isteach i ngach láithreán táirgthe iad, agus gur cuireadh cóireáil chuí ar na plandaí beangaithe nó prúnáilte ionas nach dtiocfadh *Lasiodiplodia pseudotheobromae* isteach trí na gearrthaí; agus<br>(iv) go díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go raibh na coinsíneachtaí plandaí faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Euzophera semifuneralis* agus *Garella musculana*a aimsiú, go háirithe i ngasanna agus i mbrainsí na bplandaí, agus go raibh an sampla ar a laghad ar mhéid leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %, agus go raibh siad faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Lasiodiplodia pseudotheobromae* a aimsiú, lena n-airítear trí shampláil randamach agus trí thástáil a dhéanamh ar na plandaí;<br>(b) i ndeimhnithe fíteashláintíochta na bplandaí sin, go n-áirítear faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise':<br>(i) an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún;<br>(ii) sonraíocht na láithreán táirgthe cláraithe.' |

| | | | |
|---|---|---|---|
| '*Nerium oleander* L., plandaí atá suas le 4 bliana d'aois, atá le cur. | ex 0602 90 45<br>ex 0602 90 46<br>ex 0602 90 47<br>ex 0602 90 70<br>ex 0602 90 91 | an Tuirc | (a) Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(i) go bhfuil na plandaí saor ó *Phenacoccus solenopsis*;<br>(ii) nár aimsíodh *Phenacoccus solenopsis* sa láithreán táirgthe le linn cigireachtaí oifigiúla a rinneadh ag amanna iomchuí, ó thús thimthriall táirgthe na bplandaí; agus<br>(iii) go díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go raibh na coinsíneachtaí plandaí faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Phenacoccus solenopsis* a aimsiú agus gur leor méid an tsampla chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %;<br>(b) Áireofar i ndeimhnithe fíteashláintíochta na bplandaí sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise':<br>(i) an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún';<br>(ii) sonraíocht na láithreán táirgthe cláraithe." |

(2) Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála "*Robinia pseudoacacia*,, iad ina bplandaí fréamhloma, suanacha beangaithe atá le cur, le trastomhas uasta 2,5 cm"

| Plandaí, táirgí plandaí nó réada eile | Cód AC | Tríú tíortha tionscnaimh | Bearta |
|---|---|---|---|
| "*Robinia pseudoacacia* L., plandaí atá le cur atá suas le 7 mbliana d'aois le trastomhas uasta 25 cm. | ex 0602 90 41<br>ex 0602 90 45<br>ex 0602 90 46<br>ex 0602 90 48 | an Tuirc | (a) Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas:<br>(i) go bhfuil na plandaí saor ó *Pochazia shantungensis;*<br>(ii) nár aimsíodh *Pochazia shantungensis* sa láithreán táirgthe le linn cigireachtaí oifigiúla a rinneadh ag amanna iomchuí, ó thús thimthriall táirgthe na bplandaí; agus<br>(iii) go díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go raibh na coinsíneachtaí plandaí faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Pochazia shantungensis* a aimsiú agus go raibh méid an tsampla leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 % maidir le gach lotnaid;<br>(b) Áireofar i ndeimhnithe fíteashláintíochta na bplandaí sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise':<br>(i) an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún';<br>(ii) sonraíocht na láithreán táirgthe cláraithe." |